

Blas Cleachtaí foghraíochta

Nótaí múinteora

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Aistear
AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS
GAELTACHTA & GAELSOLAÍOCHTA

© Aistear

An chéad eagrán 2014.

Dearadh agus leagan amach:

Maoinithe ag an gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta faoin scéim
'Maoiniú Áiseanna Teagaisc/ Foghlama Gaeilge' 2013–14.

Le fáil ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
35 Cearnóg Mhic Liam,
Baile Átha Cliath 2
Ríomhphost: eolas@cogg.ie



CLÁR

	Réamhra _____	1
	Intreoir _____	3
AONAD 1.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>c</i> caol agus leathan _____	5
AONAD 2.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>ch, dh</i> agus <i>gh</i> leathan _____	7
AONAD 3.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>ch, dh</i> agus <i>gh</i> caol _____	9
AONAD 4.	Fuaimeanna i bhfócas: an aibítir agus an córas fuaimeanna _____	11
AONAD 5.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>d & t</i> caol agus leathan _____	13
AONAD 6.	Fuaimeanna i bhfócas: treise, siollaí agus aiceann _____	15
AONAD 7.	Fuaimeanna i bhfócas: na défhoghair <i>ia</i> agus <i>ua</i> , na gutaí <i>í</i> agus <i>ú</i> _____	17
AONAD 8.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>l</i> caol agus leathan, <i>l</i> singil agus dúbailte, <i>ng</i> _____	19
AONAD 9.	Fuaimeanna i bhfócas: <i>r</i> caol agus leathan _____	21
AONAD 10.	Fuaimeanna i bhfócas: na canúintí Gaeilge _____	23





RÉAMHRA

Blas

Is éard atá in *Blas* ná pacáiste foghraíochta agus feasacht foghraíochta le haghaidh mic léinn dara leibhéal. Tá na hábhair seo a leanas ann:

1. Leabhrán dar teideal *Blas: cleachtaí foghraíochta*. Tá réamhrá, deich n-aonad agus gluais ann. Tá comhrá i ngach aonad chomh maith le cleachtaí ranga chun feasacht na ndaltaí i leith fhuaimneanna na Gaeilge a ardú agus cur lena gcumas foghraíochta féin.
2. Sraith de chomhaid fuaimne ar a bhfuil comhráite Gaeilge agus cleachtaí bunaithe ar na comhráite sin.
3. Leabhrán dar teideal *Blas: nótaí múinteora* ina dtugtar freagraí na gcleachtaí agus treoir ar conas an pacáiste a úsáid.

Leagan amach na n-aonad

Tosaíonn gach aonad le comhrá idir beirt nó tríúr carachtar: Ailbhe, Connor agus Sophie. Bíonn athrá minic sna comhráite seo ar na heochairfhuaimneanna a bhfuiltear ag díriú orthu san aonad.

Ina dhiaidh sin tá **Fuaimneanna i bhfócas**, ina bhfuil léiriú agus míniú ar eochairfhuaim faoi leith: cén tslí a bhfuil sé difriúil ón mBéarla, na páirteanna den bhéal a úsáidtear chun an fhuaim a dhéanamh agus an tábhacht a bhaineann leis an bhfuaim a rá mar is ceart. Tugtar pointí breise eolais faoi cheannteidil mar **Nod don eolach** agus **AIRE!** a dhíríonn aird an mhic léinn ar earráidí coitianta foghraíochta.

Cuirtear le feasacht foghraíochta na mac léinn de réir mar a chuirtear príomhchoincheapa na fóineolaíochta ina láthair, mar shampla caoile agus leithne, gutaí, consain agus défhoghair. Bíonn cló trom ar an na téarmaí seo an chéad uair a luaitear iad. Gach focal a bhfuil cló trom air, tá sé le fáil sa Gluais Gaeilge–Béarla i ndeireadh *Blas: cleachtaí foghraíochta*.

Ceapadh na cleachtaí sa chaoi is go mbeadh meascán ann idir cleachtaí éisteachta agus cleachtaí cainte. Baineann formhór na gcleachtaí leis na catagóirí seo a leanas:

- ▲ Mionphéirí, i.e. dhá fhocal nach bhfuil de dhifríocht eatarthu ach fuaim amháin, m.sh. *cad* agus *cead*. Cloiseann an mac léinn focal amháin acu á léamh agus caithfidh sé/sí tic a chur leis an bhfocal cuí chun a thaispeáint gur aithin sé/sí an difear fuaimne.
- ▲ Athrá ar fhocail ón gcomhrá.
- ▲ Athrá ar an gcomhrá.
- ▲ Anailís a dhéanamh ar théacs, m.sh. nóta a chur le litreacha nach bhfuaimnítear.
- ▲ Cuntas a thabhairt ar an tionchar a bhíonn ag taifeadtaí orthu, an bhfuil ceann ar bith acu níos soiléire nó níos nádúrtha ná a chéile?
- ▲ Deachtú.



Srianta an chúrsa seo

Ní mhaítear go bhfuil léiriú cuimsitheach acadúil ar chóras fuaimeanna na Gaeilge sa ghearrchúrsa dara leibhéal seo. Díríodh ar na fuaimeanna is mó a chuireann bac ar thuiscint agus ar chumarsáid. Is mar gheall air sin atá béim ar chonsain agus ar roinnt défhoghar seachas ar ghutaí. Formhór na samplaí a thugtar, is i dtús nó i ndeireadh focail atá siad. Is maith is eol dúinn go n-athraíonn fuaimeanna de réir a n-ionaid san fhocal agus de réir tionchar fuaimeanna eile, ach ní fhéadfaí cur síos cuimsitheach a dhéanamh ar na hathruithe sin i gcúrsa den chineál seo. Cinneadh gan cur síos a dhéanamh ar fhuaimneanna nach gcothaíonn mórán deacrachtaí tuisceana ná cumarsáide:

- ▲ *p, b agus m*
- ▲ *f, ph, bha, mhá*
- ▲ *h, she, the*
- ▲ *s*

Ní fhéadfaí, ach an oiread, cuntas cuimsitheach a thabhairt ar chórais foghraíochta na gcanúintí éagsúla, ach tagairt a dhéanamh do chuid de na príomhdhifríochtaí a dtugann foghlaimeoirí Gaeilge suntas dóibh.

Foireann agus buíochas

Antain Mac Lochlainn agus Siuán Ní Mhaonaigh (Aistear) a scríobh an t-ábhar teagaisc sa phacáiste seo.

Is iad na cainteoirí atá le cloisteáil ar na taifeadtaí ná:

- Ailish Bhreathnach (Na cleachtaí)
- Shanna Ní Rabhartaigh (Sophie)
- Colm Ó Cuív (Colm)
- Aodán Ó Ceallaigh (Ailbhe)

Seán Ó Cearúil a rinne na taifeadtaí a stiúradh sa Stiúideo Dearg, 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2 agus a chuir eagar ar na comhaid fuaime.

Tá Aistear buíoch den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as an tionscadal a mhaoiniú faoin scéim 'Maoiniú Áiseanna Teagaisc/ Foghlama Gaeilge' 2013–14.



INTREOIR

CLEACHTADH 1

Tá cead ag na mic léinn a rogha focail a roghnú chun cur síos ar an taifeadadh ach ní miste a iarraidh orthu na roghanna a mhíniú.

Seo thíos téacs Chleachtadh 1. Is féidir cleachtadh deachtúcháin a dhéanamh de: an taifeadadh a sheinm agus a iarraidh ar na mic léinn an téacs a scríobh amach. Abair leo gur cuma mura bhfuil siad cinnte de gach uile fhocal. Mura bhfuil an focal ar eolas acu, níl le déanamh acu ach buille faoi thuairim a thabhairt ar an litriú de réir fhuaim an fhocail. Cuir cóipeanna den téacs ar fáil ansin, féachaint conas a d'éirigh leo.

An chéad mhí sin a chaith mé i Londain, is dócha go raibh mé uaigneach go leor. Ach ní raibh mé i bhfad ag cur aithne ar dhaoine, ní Éireannaigh amháin ach daoine as gach cearn den Eoraip agus as tíortha níos faide i gcéin – an tSín, an Bhrasail, an Aetóip, fiú amháin. Bhlais mé saghsanna(i)* bia nach raibh cleachtadh ar bith orthu thiar sa bhaile, d'fhoghlaim mé cén chaoi beannú do dhaoine i dteangacha(i) nach raibh a fhios agam a bheith ann go dtí sin, agus thriail mé a gcuid éadaí traidisiúnta – fallaingeacha(i) fada aoldaithe a raibh gach uile dhath dá bhfuil sa tuar ceatha iontu.

* Míniú do na mic léinn gur minic a chloistear *f* ag deireadh ainmfhocail iolra a chríochnaíonn i nguta.

CLEACHTADH 2

Is é cuspóir an chleachtaidh seo ná deis a thabhairt do na mic léinn a machnamh a dhéanamh faoi ghnéithe den fhoghraíocht agus tuairimí a nochtadh ina leith. Tá roinnt moltaí thíos maidir le pointí plé agus samplaí a d'fhéadfaí teacht aníos.

1. Cloisim difríochtaí idir fuaimeanna an Bhéarla agus fuaimeanna na Gaeilge.

Seans go gcuirfidh na mic léinn béim ar bhlas cainte réigiúnach nó ar stíleanna cainte seachas ar fhuaimneanna aonair, mar shampla 'Labhraíonn daoine Gaeilge go han-tapa' nó 'Bíonn blas Chonamara/Thír Chonaill/Chiarraí ar an nGaeilge.'

Seo deis don mhúinteoir a léiriú go bhféadann duine an Ghaeilge a labhairt ar a luas féin gan a bheith ag aithris ar bhlas cainte réigiúnach, fad is a bhíonn fuaimeanna na teanga aige/aici i gceart. Tóg samplaí mar *ch* i bhfocail mar *loch*, *chuir* nó *d* caol i samplaí mar *Dia*, *deas*. Léirigh do na mic léinn nach ionann iad sin agus *k* nó *j* an Bhéarla: *lock*, *kuir*, *jia*, *jeas*. Níltear ag cur brú orthu labhairt mar a labhraíonn daoine i gceantar Gaeltachta faoi leith, ach díreach na fuaimeanna Gaeilge sin a bheith acu.

2. Labhraím Gaeilge díreach mar a labhraím Béarla.

Is ráiteas lom é seo ach spreagfaidh sé plé faoi cé chomh hinmholta is atá sé Gaeilge a labhairt ar an mbealach sin. Seans go ndéarfadh cuid de na mic léinn: 'Is Éireannach mé agus is í an Ghaeilge teanga na hÉireann. Mar sin de, tá mo bhlas cainte féin chomh ceart le blas na Gaeltachta.' Arís, ba cheart a léiriú nach blas cainte réigiúnach atá tábhachtach ach fuaimeanna áirithe a rá mar is ceart. Is fiú a chuimhneamh gur cuid dhílis de phearsantacht an duine is ea an urlabhra, agus go n-éiríonn daoine an-chosantach nuair a fhaightear locht uirthi. Ba cheart go dtuigfeadh na páistí gur *teanga* eile í an Ghaeilge agus nach leor do dhuine a bheith ina Éireannach chun máistreacht a fháil uirthi.

3. Tá fuaimeanna sa Ghaeilge nach féidir liom a dhéanamh.

Arís, is féidir go mbeidh na mic léinn ag díriú ar rudaí mar luas cainte nó ar fhocail fhada atá deacair a rá, mar shampla 'Ní thioctadh liomsa labhairt chomh tapa sin.' Ar éigean a bheadh cleachtadh acu a bheith ag smaoineamh ar fhuaimneanna aonair. Mura n-éiríonn leo samplaí a chur ar fáil, iarr orthu triail a bhaint as focail ina bhfuil fuaimeanna dúshlánacha mar *ch*, *ú*, nó *t* caol. An *teach* nó *chack* a deir siad? An *cú* nó *coo* a deir siad? Is léiriú eile é seo ar an tábhacht a bhaineann le fuaimeanna faoi leith.

4. Nuair a bhím sa Ghaeltacht, bíonn faitíos orm nach dtuigfidh muintir na háite mo chuid Gaeilge.

Arís, is ráiteas lom é seo ach seans go nochtfar tuairimí agus braistintí i leith na Gaeltachta: frustrachas, easpa muiníne, bród/náire as a gcuid Gaeilge féin seachas Gaeilge na Gaeltachta. Beidh deis ag an múinteoir a léiriú gur féidir fadhbanna foghraíochta a sháru le cleachtadh agus le taithí.

5. Mothaím rud beag amaideach nuair a dhéanaim iarracht fuaimeanna áirithe a dhéanamh sa Ghaeilge.

Ní locht ar dhuine a bheith féinchoinsiasach agus *é/í* ag dul i ngleic le fuaimeanna teanga eile. Seans go mbraitheann na mic léinn gur rud 'mínádúrtha' é nó go bhfuiltear ag iarraidh orthu bheith mídhílis dá bpearsantacht agus dá ndúchas féin. Ba cheart go dtuigfidís nach mairfidh sin – tiocfaidh na fuaimeanna chucu go nádúrtha le cleachtadh agus le taithí.

Bíonn a lán foghlaimeoirí míchompordacha le fuaimeanna 'garbha' mar *-acht* agus gutaí fada mar *ú*. Arís, seans go mbeidh béim ar luas nó ar stíl chainte ina gcuid freagraí féin.

6. Tá fuaimeanna na Gaeilge níos fusa ná fuaimeanna na Fraincise, na Gearmáinise srl.

Is fiú go mór a léiriú dóibh gur gné riachtanach d'fhoghlaim teangacha is ea eolas a chur ar an gcóras fuaimeanna agus go bhfuil dúshlán ag baint le teangacha eile seachas an Ghaeilge. Arís, seans go mbeidh béim ar bhlas cainte ina gcuid samplaí féin. Má bhíonn, díriú a n-aird ar fhocail Fhraincise mar *bleu*, *pain*, *rouge*.



AONAD 1

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Ceamara cailte' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimanna i bhfócas: c leathan & Gutaí agus consain

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 1

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir c leathan agus c caol.

- ▲ Léigh na treoracha agus déan an chéad sampla i gcuideachta lucht an ranga. Déan cinnte de go dtuigeann na mic léinn an rud atá le déanamh acu.
- ▲ Nuair atá an cleachtadh thart, téigh ó dhuine go duine féachaint ar chuir siad tic leis an bhfocal ceart.
- ▲ Tá ord ceart na bhfocal tugtha sa ghreille thíos.

C leathan		C caol	
1 cad	✓	cead	
2 seabhac	✓	seabhaic	
3 cart		ceart	✓
4 cas	✓	ceas	
5 cantar		ceantar	✓
6 clais		clis	✓
7 carn		cearn	✓
8 crú	✓	criú	
9 cathair		ceathair	✓
10 bac		baic	✓

Mar a dhéantar an fhuaim

Léigh an t-eolas i gcuideachta lucht an ranga. Iarr orthu féin triail a bhaint as na treoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuiníneach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tíocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACTADH 2

Seinn an liosta focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Mura bhfuil na bearnaí idir na focail sách fada, stop an taifeadadh fad is a bhíonn an focal á athrá ag an mac léinn.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na focail a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as focal an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

Mar a dhéantar an fhuaim

Léigh an t-eolas i gcuideachta lucht an ranga. Iarr orthu féin triail a bhaint as na treoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuiníneach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tíocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACTADH 3

Lean na treoracha i gCleachtadh 2.

CLEACTADH 4

Tugann an cleachtadh seo deis do na mic léinn a chruthú go bhfuil máistreacht acu ar eochairfhuaimanna an aonaid agus gur féidir leo iad a chur ar fáil ní hamháin i bhfocail aonair ach in abairtí a deirtear ar gnáthluas.

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn é. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Mura bhfuil na bearnaí idir na línte sách fada, stop an taifeadadh fad is a bhíonn an líne á hathrá ag an mac léinn.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga gach líne a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Tabhair páirt Connor nó Sophie do mhic léinn faoi leith an dara huair a sheinntear an taifeadadh.



AONAD 2

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Electric Picnic' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimeanna i bhfócas: *ch, dh & gh leathan*

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

Mar a dhéantar an fhuaim

Iarr orthu féin triail a bhaint as na teoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuineach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tiocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACHTAÍ 1, 2 & 3

Seinn na liostaí focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Is féidir gach cleachtadh díobh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na focail a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as focal an dara huair a sheinntear an taifeadadh.



Ní i gcónaí a bhíonn fuaime láidir *ch* i gcás *cha, chonaic, chuala* agus *chun*.

**NOD DON
EOLACH**

CLEACHTADH 4

I dtosach, tarraing aird na mac léinn ar na pointí foghraíochta agus canúna atá luaite in Nod don Eolach. **Níltear ag iarraidh orthu gach focal a rá mar a deir Ailbhe iad.**

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn é. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.



Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga gach líne a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Tabhair páirt Ailbhe nó Sophie do mhic léinn faoi leith an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

CLEACHTADH 5

Seinn na habairtí. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach abairt (2) triail a bhaint as í a rá (3) éisteacht leis an abairt an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na habairtí a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as abairt an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

CLEACHTADH 6

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir *ch* agus fuaimeanna eile, mar shampla *th*.

- Léigh na treoracha agus déan an chéad sampla i gcuideachta lucht na ranga. Déan cinnte de go dtuigeann na mic léinn cad é atá le déanamh acu.
- Nuair atá an cleachtadh thart, téigh ó dhuine go duine féachaint ar chuir siad tic leis an bhfocal ceart.
- Tá ord ceart na bhfocal tugtha sa ghreille thíos.

	Na focail chéanna	Focail éagsúla
1 athair / achair		✓
2 ghoid / ghoid	✓	
3 aisteach / aiste		✓
4 clochar / cluthar		✓
5 ghlan / ghlan	✓	
6 meacan / meáchan		✓
7 leacht / leat		✓
8 chuile / chuile	✓	
9 cách / cách	✓	
10 reachtaire / reacaire		✓



AONAD 3

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Bua nó briseadh?' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimeanna i bhfócas: ch caol

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

Mar a dhéantar an fhuaim

Iarr orthu féin triail a bhaint as na teoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuineach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tiocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACHTAÍ 1 & 2

Seinn na liostaí focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Moltar na cleachtaí seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na focail a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as focal an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

CLEACHTADH 3

I dtosach, tarraing aird na mac léinn ar na pointí foghraíochta agus canúna atá luaite in Nod don Eolach. Níltear ag iarraidh orthu gach focal a rá mar a deir Colm agus Ailbhe iad.

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn an Comhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga gach líne a aithris a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Tabhair páirt Ailbhe nó Sophie do mhic léinn faoi leith an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

Téada an ghutha

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 4

Seinn na habairtí. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach abairt (2) triail a bhaint as í a rá (3) éisteacht leis an abairt an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na habairtí a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as abairt an dara huair a sheinntear an taifeadadh.



AONAD 4

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Buail an bóthar' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Aibítir agus fuaimneanna

Léigh an t-eolas san alt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 1

- ▲ Seinn an chéad abairt den Chomhrá arís. Abair le lucht an ranga féachaint ar an gcéad abairt mar atá sí ar an leathanach. Tá líne faoi gach focal nach bhfuaimnítear.
- ▲ Léigh na nótaí i dtaobh na chéad abairte.
- ▲ Seinn an dara habairt den Chomhrá agus pléigh na nótaí le lucht an ranga.

Abair le lucht an ranga go gcaithfidh siad féin éisteacht leis an gcuid eile den Chomhrá agus na habairtí eile a mharcáil. Féach an t-eolas thíos.

Sophie: Cad é a deir d'athair?
Ní chloistear an 'a' in 'a deir'.

Ailbhe: Sin an fhadhb. Dúirt mé leis go raibh mé ag iarraidh ceachtanna leis an dream sin i lár an bhaile. Ó, cén t-ainm atá orthu? Is ea, *Irish Motoring Academy*. Ach dúirt Dad liom, "Tabharfaidh mise ceachtanna duit."

Ní chloistear an 'n' i 'lár an bhaile' – tá sé cosúil le 'lár a' bhaile'.
Tá guta cúnta san fhocal 'ainm'.
Ní chloistear an 'i' in 'is ea' – tá sé cosúil le 'sea'.

Sophie: Cad é atá cearr leis sin – ceachtanna a fháil gan pingin a íoc?

Ní chloistear 'a' in 'atá
Ritheann an 's' ag deireadh 'leis' isteach sa 's' i dtús 'sin' – tá sé cosúil le 'leisin'.
Ní chloistear an 'a' in 'a fháil'.
Ní chloistear an 'g' i lár 'pingin' – tá sé cosúil le 'pighin'.

Ailbhe: Och, dhéanfadh sé neirbhíseach mé – Dad ag féachaint orm agus ag tabhairt orduithe dom.

Ní chloistear an 'g' in 'ag féachaint' ná in 'ag tabhairt'.



CLEACHTADH 2

Stiúir an plé ar na príomhphointí a tháinig aníos. Tá samplaí sna nótaí thíos.

1. Nuair a bhíonn *an* idir dhá fhocal eile, ní chloistear an *n* má thagann consan ina dhiaidh.

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

- A. oifig an phoist
- B. Barra an Teampaill
- C. óráid an Taoisigh

Ach cloistear an *n* roimh ghutaí nó fh + guta:

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

- A. an Íoslainn
- B. an fhilíocht
- C. an intinn

2. Cailltear gutaí agus consain nuair a ritheann siad isteach ina chéile:

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

- A. Chuaigh Barra [a]bhaile.
- B. Bia [a] fháil.
- C. A[s] Sligeach é.

4. Tá an guta cúnata réasúnta coitianta sa Ghaeilge.

An féidir leat **3 shampla eile** a chur ar fáil?

- A. fearg
- B. leanbh
- C. seirbhís

CLEACHTADH 3

Seinn an leagan 'stadach' den chomhrá agus an gnáthleagan ina dhiaidh sin. Cad é mar a théann na leaganacha éagsúla i bhfeidhm ar na mic léinn? An síleann siad ceann ar bith acu a bheith níos fearr ná an ceann eile?

CLEACHTADH 4

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn an Comhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga gach líne a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadhadh. Tabhair páirt Connor nó Sophie do mhic léinn faoi leith an dara huair a sheinntear an taifeadhadh.



AONAD 5

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Fonn Taistil' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimanna i bhfócas: t leathan

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

Mar a dhéantar an fhuaim

Iarr orthu féin triail a bhaint as na treoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuineach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tiocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACHTADH 1

Mura bhfuil teacht ar ríomhaire sa seomra ranga, iarr ar na mic léinn na habairtí a ionchur ar www.abair.ie ina gcuid ama féin.

CLEACHTADH 2

Seinn an liosta focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Mar a dhéantar an fhuaim: t caol

Iarr orthu féin triail a bhaint as na treoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuineach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tiocfaidh sé le cleachtadh.

CLEACHTADH 3

Seinn an liosta focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na focail a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as focal an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

CLEACHTADH 4

I dtosach, tarraing aird na mac léinn ar na pointí foghraíochta agus canúna atá luaite in Nod don Eolach.

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn an Comhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Fuaimanna i bhfócas: d leathan agus d caol

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 5

Mura bhfuil ríomhaire ar fáil sa seomra ranga, iarr ar na mic léinn na focail a ionchur ar www.focloir.ie ina gcuid ama féin.

Tá claonadh ag foghlaimeoirí na focail sa liosta a rá mar seo:

- ▲ Déantar *doyle* den fhocal *dáil*.
- ▲ Déantar *doh* den fhocal *dó*.
- ▲ Déantar *deeney* den fhocal *daoine*.
- ▲ Déantar *Doris* den fhocal *doras*.
- ▲ Deirtear *druid* ar nós an fhocail Bhéarla a bhfuil an litriú céanna air.

CLEACHTADH 6

Seinn na habairtí. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach abairt (2) triail a bhaint as í a rá (3) éisteacht leis an abairt an athuair.

AONAD 6

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Cóisir thubaisteach' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá.

CLEACHTADH 1

Cuir lucht an ranga ag obair le chéile i ngrúpaí beirte. Ar shíl siad an Comhrá a bheith 'ait' ar aon slí? Stiúir féin an plé ar an téacs.

Fuaimanna i bhfócas: treise, & Focail a bhogadh timpeall & Foirmeacha Treise & Féin

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 2

Seinn an t-athleagan den Chomhrá. Léigh an leagan nua den téacs agus pléigh na hathruithe a rinneadh. Iarracht lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Fuaimanna i bhfócas: siollaí

Léigh an t-eolas san alt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 3

Is mar seo ba cheart na focail a bhriseadh.

Meiriceá	Meir/i/ceá
teilifíseán	teil/i/fis/eán
Portaingéilis	Port/ain/géil/is
comhghairdeas	comh/ghaird/eas
seanfhaiseanta	sean/fhais/eant/a
iarthuaisceart	lar/thuais/ceart
leabhragán	leabh/ra/gán
fadhbanna	fadhb/ann/a

Fuaimanna i bhfócas: aiceann

Léigh an t-eolas san alt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 4

Seinn an taifeadadh. Iarr ar na mic léinn nótaí a scríobh agus stiúir an plé ina dhiaidh sin. Tá treoir san alt **Aiceann agus na canúintí Gaeilge**.



AONAD 7

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá ‘Cúlchaint is cnáimhseáil’ a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimeanna i bhfócas: défhoghair

Léigh an t-eolas san alt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 1

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir *ú* agus *ua*. Níl le déanamh ach an taifeadadh a sheinm agus a fhiafraí de na mic léinn ar chuala siad difear soiléir idir an dá fhuaim.

CLEACHTAÍ 2 & 3

Seinn na liostaí focal ón gComhrá. Iarracht lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuair.

Fuaimeanna i bhfócas: ia

Léigh an t-eolas san alt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 4

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir *í* agus *ia*. Níl le déanamh ach an taifeadadh a sheinm agus a fhiafraí de na mic léinn ar chuala siad difear soiléir idir an dá fhuaim.

CLEACHTADH 5

Seinn an Comhrá. Iarracht lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

CLEACHTADH 6

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir gutaí gairide agus gutaí fada.

- ▲ Léigh na treoracha agus déan an chéad sampla i gcuideachta lucht na ranga. Déan cinnte de go dtuigeann na mic léinn cad é atá le déanamh acu.
- ▲ Bí cinnte go bhfuil foclóirí acu nó go bhfuil teacht acu ar fhoinní ar líne mar www.foclóir.ie.
- ▲ Nuair atá an cleachtadh thart, téigh ó dhuine go duine féachaint ar chuir siad tic leis an bhfocal ceart.
- ▲ Tá ord ceart na bhfocal tugtha sa ghreille thíos.

Focal	Fada	Gairíd	Ciall eile?
1 <i>páiste</i>	✓		Bheadh ciall eile le 'páiste': <i>a patch.</i>
2 <i>ciste</i>		✓	Bheadh ciall eile le 'ciste': <i>a cake.</i>
3 <i>feasta</i>		✓	Bheadh ciall eile le 'féasta': <i>a feast.</i>
4 <i>sólás</i>	✓		Bheadh ciall eile le 'solás': <i>a light.</i>
5 <i>ait</i>		✓	Bheadh ciall eile le 'áit': <i>a place.</i>
6 <i>cás</i>	✓		Bheadh ciall eile le 'cas': <i>twist.</i>
7 <i>méar</i>	✓		Bheadh ciall eile le 'mear': <i>quick.</i>
8 <i>cóiste</i>	✓		Bheadh ciall eile le 'coiste': <i>committee.</i>
9 <i>seal</i>		✓	Bheadh ciall eile le 'seál': <i>shawl.</i>
10 <i>seo</i>		✓	Bheadh ciall eile le 'seó': <i>show.</i>

AONAD 8

COMHRÁ

- ▲ Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'An saol poiblí' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.
- ▲ Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimanna i bhfócas: *l leathan*

Léigh an t-eolas san seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 1

Mura bhfuil ríomhaire sa seomra ranga, iarr ar na mic léinn na focail a ionchur in www.focloir.ie ina gcuid ama féin.

Tá clonadh ag foghlaimeoirí na focail sa liosta a fhuaimníú mar seo:

- ▲ Deirtear *lawn* seachas seachas *lán*.
- ▲ Deirtear *lee* seachas *luigh*.
- ▲ Deirtear *lone* seachas *lón*.
- ▲ Deirtear *Lewis* seachas *luas*.
- ▲ Deirtear *lodger* seachas *láidir*.

Fuaimanna i bhfócas: *l caol*

Léigh an t-eolas san seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 2

Seinn an taifeadadh. An gcloiseann siad féin difear soiléir idir *l* an Bhéarla agus *l* caol na Gaeilge?

Fuaimanna i bhfócas: *l caol singil agus dúbailte*

Léigh an t-eolas san seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 3

Seinn an taifeadadh. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach abairt (2) triail a bhaint as í a rá (3) éisteacht leis an abairt athuair.

Moltar an cleachtadh a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga na habairtí a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Iarr ar mhic léinn faoi leith triail a bhaint as abairt an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

CLEACHTADH 4

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir *l* singil agus *l* dúbailte.

- ▲ Léigh na treoracha agus déan an chéad sampla i gcuideachta lucht na ranga. Déan cinnte de go dtuigeann na mic léinn cad é atá le déanamh acu.
- ▲ Nuair atá an cleachtadh thart, téigh ó dhuine go duine féachaint ar chuir siad tic sa bhosca ceart.
- ▲ Tá ord ceart na bhfocal tugtha sa ghreille thíos.

<i>l</i> singil		<i>l</i> dúbailte	
1 buile	✓	buille	
2 sa tsáile		sa táille	✓
3 cuaile	✓	cuaille	
4 bile		bille	✓
5 céile		céille	✓
6 tuile	✓	toille	

Fuaimeanna i bhfócas: *n* & *ng*

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 5

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn an Comhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuair.

Moltar an cleachtadh seo a dhéanamh faoi dhó. Iarr ar lucht an ranga gach líne a aithris i gcuideachta a chéile an chéad uair a sheinntear an taifeadadh. Tabhair páirt Connor nó Ailbhe do mhic léinn faoi leith an dara huair a sheinntear an taifeadadh.

AONAD 9

COMHRÁ

Tabhair nóiméad nó dhó do lucht an ranga an Comhrá 'Staidéar agus scrúduithe' a léamh. Déan cinnte de go dtuigeann siad brí na bhfocal.

Seinn an Comhrá uair amháin.

Fuaimneanna i bhfócas: r caol

Léigh an t-eolas san seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

CLEACHTADH 1

Sa chleachtadh seo, beidh ar na mic léinn éisteacht go grinn, féachaint an aithníonn siad an difear idir *r* leathan agus *r* caol.

- ▲ Léigh na treoracha agus déan an chéad sampla i gcuideachta lucht na ranga. Déan cinnte de go dtuigeann na mic léinn cad é atá le déanamh acu.
- ▲ Nuair atá an cleachtadh thart, téigh ó dhuine go duine féachaint ar chuir siad tic leis an bhfocal ceart.
- ▲ Tá ord ceart na bhfocal tugtha sa ghreille thíos.

R leathan		R caol	
1 abar	✓	abair	
2 casúr		casúir	✓
3 ciallmhara		ciallmhaire	✓
4 cur	✓	cuir	
5 a fheara	✓	a Aire	
6 páipéar		páipéir	✓
7 mura		Muire	✓
8 piléar		piléir	✓
9 pictiúr	✓	pictiúir	
10 clár		cláir	✓

CLEACHTADH 2

Seinn an liosta focal ón gComhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach focal (2) triail a bhaint as é a rá (3) éisteacht leis an bhfocal an athuir.

Mar a dhéantar an fhuaim

Iarr orthu féin triail a bhaint as na treoracha sna léaráidí ach ná cuir brú ar mhac léinn faoi leith an fhuaim a thriail os comhair an ranga mura measann tú go bhfuil sé/sí féinmhuineach go leor chun é sin a dhéanamh. Is é an múinteoir ba cheart a léiriú conas an fhuaim a dhéanamh. Abair leis na mic léinn gan díomá a bheith orthu mura n-éiríonn leo an fhuaim Ghaeilge a dhéanamh go sásúil ar an gcéad iarracht. Tiofaidh sé le cleachtadh.

Fuaimanna i bhfócas: r i dtús focail

Léigh an t-eolas sna hailt seo i gcuideachta an ranga agus déan cinnte de go dtuigeann siad é. Déan iarracht iad a dhéanamh páirteach sa phlé, mar shampla duine acu féin na nótaí a léamh, tuilleadh samplaí a sholáthar nó tuairimí a nochtadh.

Tá físeáin úsáideacha ar YouTube a bhaineann le teangacha eile nó leis an amhránaíocht. Féach, mar shampla, 'How To Roll Your R's': www.youtube.com/watch?v=R-K_ksKvK6U.

CLEACHTADH 3

Tá bearnaí idir na línte sa leagan seo den Chomhrá. Seinn an Comhrá. Iarr ar lucht an ranga (1) éisteacht le gach líne (2) triail a bhaint as an líne a rá (3) éisteacht leis an líne an athuir.



AONAD 10

CLEACHTADH 1

- ▲ Seinn an Comhrá. Seo é an leagan gnáthluais gan spásanna idir na línte.
- ▲ Lean na treoracha leis an gcleachtadh. Abair leo gan a bheith róbhuartha faoin litriú a bheith iomlán ceart.
- ▲ Seinn an t-athleagan den Chomhrá, an leagan mall a bhfuil spásanna idir na línte ann. Seinn faoi dhó é, nó faoi thrí, más gá.
- ▲ Nuair atá siad féin réidh ag scríobh, tabhair cóip de théacs an chomhrá dóibh. Tabhair seans dóibh a leagan féin a chur i gcomparáid leis agus ceisteanna a chur.
- ▲ Éist leis an athleagan den Chomhrá arís agus an téacs amach rompu.

An téacs

Sophie: Bhuel, a Ailbhe. Seo deireadh an téarma agus ní dhearna mé cinneadh faoi chúrsa ollscoile go fóill.

Ailbhe: Tá do dhóthain ama agat chun cinneadh a dhéanamh. Táim féin ag smaoineamh ar Chorcaigh.

Sophie: Corcaigh?

Ailbhe: Is ea. Tá cúrsa gnó thar a bheith maith ann.

Sophie: Agus bhí tusa i gcónaí maith sa rang gnó. Cuimhnigh ar do chuid cairde nuair a bheid tú saibhir.

Ailbhe: Hmm. Ceannaigh caife dom agus ní bheadh a fhios agat.

Sophie: Ceannaigh do chuid caife féin, a rógaire. Gaillimh ab fhearr liomsa. Sin an áit a bhfuil mo dheirfiúr, ag déanamh cúrsa san Acadamh.

Ailbhe: An tAcadamh? Cad é sin?

Sophie: Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Ach, ansin, má tá mé ag iarraidh bheith ag múineadh...

CLEACHTADH 2

Ba cheart na pointí seo a chur ar a súile do na mic léinn, ar eagla nár clúdaíodh ina gcuid nótaí féin iad:

- ▲ Deir Sophie *cinneadh* mar a bheadh *ú* ina dheireadh. Ní fhuaimníonn Ailbhe an *-adh* in aon chor. Féach freisin *deireadh*, *múineadh*. Iarr ar na mic léinn tuilleadh samplaí a thabhairt ó chuimhne.
- ▲ Deir Ailbhe *Corcaigh* amhail is gur *Corca* a bheadh ann, fad is a deir Sophie *Corcaí*.

- ▲ Deir Ailbhe *gnó* mar a bheadh *gu-nó* ann, fad is a deir Sophie, *gró*. Iarr ar na mic léinn samplaí eile a thabhairt agus bíodh samplaí mar *cnoc* agus *mná* réidh agat féin.
- ▲ Ní hionann mar a deir an bheirt chainteoirí an focal *maith*. Deir Ailbhe rud éigin cosúil le *mah*.
- ▲ Deir Sophie *Acadamh* mar a bheadh *ú* ina dheireadh. Féach freisin *déanamh*. Fuaim *-av* atá ag Ailbhe i ndeireadh an fhocail. Níor mhiste samplaí mar *dubh* a chur i láthair na mac léinn chomh maith.

CLEACHTADH 3

Is é cuspóir an chleachtaidh seo ná deis a thabhairt do na mic léinn a machnamh a dhéanamh faoi chanúintí na Gaeilge agus tuairimí a nochtadh ina leith. Tá roinnt moltaí thíos maidir le pointí plé agus samplaí a d'fhéadfaí teacht aníos.

1. Fadhb is ea na canúintí – déanann siad an Ghaeilge níos deacra.

2. Ní chuireann na canúintí isteach ná amach orm – tuigim daoine as gach áit sa tír.

Cuir in iúl go soiléir dóibh nach bhfuil aon fhreagra 'ceart' nó 'mícheart' ann. Ba cheart dóibh a dtuairimí a nochtadh go lánoscailte. Faoin múinteoir atá sé an plé a stiúradh agus a dhéanamh cinnte nach mbaineann a gcuid samplaí le gnéithe eile den teanga, mar shampla, gramadach nó stór focal.

3. Tá canúint amháin is fearr liom ná na cinn eile.

Seo deis le plé a bheith ann faoina dtaithí foghlama féin (coláistí samhraidh agus araile) agus faoi fhoinsí mar TG4. An mbíonn a fhios acu cén chanúint atá á labhairt ag láithreoirí?

4. Cuid de shaibhreas na Gaeilge is ea na canúintí éagsúla.

Ní miste imeacht beagán ó chúrsaí foghraíochta anseo agus an plé a leathnú go stór focal, mar shampla freisin/fosta/chomh maith/leis. An ndéanann na leaganacha canúna an teanga níos saibhre?

5. Tá canúintí i ngach teanga.

Ní gá dul níos faide ná an Béarla. Déan iarracht samplaí a aimsiú sa chanúint áitiúil Bhéarla.